



1. Réamhrá

Comhlíonann an polasaí iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 17/10/2022. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Scoil Oilibhéir leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht le chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas.

2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Is bunscoil mheasctha í Scoil Oilibhéir le spiorad sainiúil Caitliceach faoi phátrúnacht an Ardeaspag Átha Cliath 'Séard is ciall le "Spiorad Sainiúil Caitliceach" i gcomhtheacs na bunscoile Caitlicí ná éiteas agus spiorad sainiúil na hEaglaise Caitlicí Romhánaí, a bhfuil cothú na dtréithe seo thíos mar aidhm aici, a chaomhnú.

- A. Forbairt iomlán agus chomhchuí gach gné den dalta, ina gcuimsítear na gnéithe intleachtúla, fisiciúla, cultúrtha, mórálta agus spioradálta
- B. Gaol beo le Dia agus le daoine eile; agus
- C. Fealsúnacht na beatha a thógann spreagadh ó chreideamh i nDia agus i mbeatha, i mbás agus in aiséirí Íosa;
- D. Cruthú na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach,

Agus a chuireann oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí i gcomhréir le creidimh, le cleachtais agus le traidisiúin na hEaglaise Caitlicí Romhánaí agus/nó an éitis agus/nó spioraid shainiúil faoi mar a thugtear do Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann.

I gcomhréir le hAlt 15 (2) (b) den Acht Oideachais, 1998 caomhnóidh Bord Bainistíochta Scoil Oilibhéir spiorad sainiúil na scoile a fhoirceann na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnda, sóisialta, teangeolaíoch agus na luachanna spioradálta agus na traidisiúnta a thacaíonn le cuspóirí agus le hiompar na Scoile agus beidh an Bord Bainistíochta freagrach don Phátrún as an gcaomhnú seo.

Is Gaelscoil faoi phátrúnacht na hArd-Deoise í Scoil Oilibhéir. Cuirimid sároideachas ar fáil do pháistí, trí mheán na Gaeilge, i dtimpeallacht thacúil, a thugann deis do gach páiste barr a gcumas a bhaint amach. Mar chuid den oideachas sin, déantar cúram d'fhorbairt acadúil, chultúrtha, mhorálta, fhisiciúil, shibhialta, spioradálta, mhothúchánach agus shóisialta na bpáistí.



‘Sí fíís na scoile ná cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach.

- i. Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltáí as teaghlaigh gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an bhaile;
- ii. Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltáí eile agus a chur ar a gcumas a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge;
- iii. Timpeallacht shaibhir an chultúir Ghaelaigh a chur ar fáil agus dúil sa Ghaeilge agus i saíocht na Gaeilge a chothú i measc na ndaltáí agus na dtuismitheoirí.

3. Ráiteas maidir le hiontráil

3.1 Ní dhéanfaidh Scoil Oilibhéir idirdhealú maidir le dalta a ionrollú sa scoil ar bhonn aon chinn díobh seo a leanas:

- i. inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- ii. stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- iii. stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- iv. gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- v. reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- vi. bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- vii. cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- viii. dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
- ix. riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

3.2 De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar ‘foras stádais shibhialta’, ‘foras míchumais’, ‘leithcheal’, ‘foras stádas teaghlaigh’, ‘foras inscne’, ‘foras cine’, ‘foras reiligiúin’, ‘foras gnéaschlaonta’ agus ‘foras pobail Taistil’ de réir Alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000

3.3 Is scoil í Scoil Oilibhéir arb é an cuspóir atá aici ná oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhaltá nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a chaomhnú.

Scoil ina bhfuil Rang Oideachais Speisialta

Is scoil í Scoil Oilibhéir a bhunaigh rang Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU), le ceadú an Aire Oideachais, a chuireann oideachas ar fáil go heisiach do dhaltáí a bhfuil catagóir nó catagóirí de riachtanais speisialta oideachais NSU acu atá sonraithe ag an Aire agus d’fhéadfadh sé go ndiúltaí isteach sa rang do dhaltá nach bhfuil an chatagóir riachtanas acu atá sonraithe.



4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta

Bhunaigh Scoil Oilibhéir le cead ón Aire Oideachais agus Scileanna, rang amháin chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil NSU acu.

- i. Tosaíonn próiseas an ionrollaithe don Rang Speisialta a thacaíonn le páistí le NSU le fiosrúchán chuig an scoil – is féidir é seo a dhéanamh le glaoch guthán, le r-phost nó le cuairt ó thuismitheoirí/chaomhnóirí.
- ii. Cuirfear an duine a dhéanann an fiosrúchán ar an eolas faoi stádas reatha ionrollaithe an Ranga Speisialta agus cuirfear i dtreo an Pholasaí Iontrála seo ar shuíomh na scoile iad.
- iii. Má théann an t-iarratas ar aghaidh, cuirfear an t-iarratas (dáta an iarratais, dáta breithe, seoladh, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphost) i gCód na nIarratas.
- iv. Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin ar bhonn Tuairisc Shíceolaíochta nó Dhiagnóiseach – diagnóis an Uathachais a chomhlíonann na critéir de réir *DSM IV/V* nó *ICT-10*. Is do gach dalta a chomhlíonann na critéir dhiagnóiseacha seo an rang speisialta seo, beag beann ar a gcumas cognaíoch.
- v. Déanfaidh an Fhoireann Iontrála an t-iarratas a mheas (Príomhoide, Leasphríomhoide, Múinteoir an Ranga Speisialta) le cinntiú go gcomhlíonann an t-iarratas na critéir iarratais de réir an pholasaí seo.
- vi. Nuair atá an próiseas seo críochnaithe, bíonn áit ag an iarrthóir ar liosta n n-iarrthóirí. Tá an liosta seo bunaithe ar na critéir iontrála mar atá leagtha amach ag Pointe 6 thíos.
- vii. Nuair atá áit ar fáil, líonfaidh na thuismitheoirí/chaomhnóirí agus an príomhoide an *Notification to NCSE of enrolment in a special class*. Seo an Fhoirm 7 atá ar fáil ag www.ncse.ie
- viii. Líontar Foirm Iarratais na scoile ar an Lá Ionrolluithe do pháistí a bhfuil áit sa Rang Speisialta faighte acu.
- ix. Déanfaidh Foireann Iontrála an Ranga Speisialta athbhreithniú bhliantúil ar Shocrúchán gach páiste ag deireadh gach bliana chun oiriúnacht an tsuímh a mheas. D'fhéadfaí go n-aistreofaí páiste amach as an rang speisialta má shíleann Foireann Iontrála an Ranga Speisialta nach bhfuil an suíomh sin oiriúnach a thuilleadh.

Caithfidh gach páiste atá ag cur isteach ar áit sa rang NSU na tuairiscí cuí, a luaitear ag Point iv. thuas, a chur ar fáil leis an iarratas a shonraíonn go moltar go bhfreastalódh an páiste ar rang NSU.

Ní bheidh ionrollú ar fáil don rang seo ach amháin do pháistí a bhfuil na tuairiscí agus nna moltaí a luaitear ag Pointe iv. thuas, a mbeidh sé ar a gcumas acu, leis na tacaíochtaí atá ag fáoiáil i Scoil Oilibhéir, imeascadh le rang príomhshrutha go pointe áirithe ar a laghad.

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an rang NSU, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm **san ord ina bhfuil siad thíos** maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

Tabharfar tosaíocht d'iarratais do pháistí a bheidh ag leibhéal Rang a Dó nó níos óige i mí Mheán Fómhair 2022 de réir riachtanas aoise sa pholasaí iontrála príomhshrutha. Is mar seo a chuirfear na hiarrthóirí in ord:

Is mar seo a chuirfear na hiarrthóirí in ord:

1. Páistí reatha na scoile a bhfuil tuairisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas
2. Deartháireacha/Deirfiúracha* le dalta reatha na scoile nó le hiardhalta a d'fhreastal ar an scoil a bhfuil tuairisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas
3. Páiste na foirne a bhfuil tuairisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas
4. Páistí, a bhfuil tuairisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas, agus gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.**
5. Páistí, a bhfuil tuairisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas, agus a bhfuil cumas Gaeilge acu ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. **Beidh ar an thuismitheoir/chaomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil.** Is ag an mbord bainistíochta a bheidh an cinneadh faoin gcumas seo feidhmiú trí mheán na Gaeilge sna cásanna seo
6. Sa chás go bhfuil beirt iarrthóirí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), tabharfar áit don dalta is sine eatarthu.

***Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe.**

****Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.**



5. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas:-

- (a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach [alt 6](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
- (b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

Soláthraíonn an rang speisialta atá nasctha le Scoil Oilibhéir oideachas do dhaltaí a bhfuil NSU go heisiach agus féadfaidh an scoil cead isteach a dhiúltú don rang sin, i gcás nach bhfuil an chatagóir shonraithe de riachtanais speisialta oideachais ag an dalta atá i gceist dá bhforáiltear sa rang sin.

6. Ró-éileamh

Riachtanas Iontrála:

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith agus sa scoil ina hiomláine a leagadh síos.

Is faoin mBord Bainistíochta é cinneadh a dhéanamh faoi líon na n-ionrolluithe sna Naíonáin Shóisearacha in aon bhliain ar leith. Beidh an cinneadh seo coinníollach ar líon na n-iarratas ar áiteanna an bhliain sin agus ar na tacaíochtaí agus ar na hacmhainní, idir dhaonna agus fhisiciúil, a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna don scoil, agus fachtóirí ar nós cóiríochta agus an Chóimheasa idir Daltaí agus Múinteoir á gcur san áireamh.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar in aon rang ná 30.

Ní mór do pháiste breithlá 4 bliana d'aois a bheith acu roimh an 1 Aibreán den bhliain a bheadh sé i gceist acu tosú ar scoil agus beidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise de seo a sholáthar i bhfoirm an Teastais Bhreithe. Cuirfear aon iarratas do pháiste a bheidh breithlá 4 bliana d'aois acu idir an 1 Aibreán agus an chéad lá scoile ar an bpríomhliosta feithimh i gcás ró-éilimh agus d'fhéadfaí áit a thairiscint dá mbeadh áit scoile ar fáil tar éis do na critéir a bheith curtha i bhfeidhm.

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm **san ord ina bhfuil siad thíos** maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

1. Deartháireacha/Deirfiúracha* níos óige le daltaí atá nó a bhí ag freastal ar an scoil
2. Páistí na foirne
3. Páistí a bhfuil leibhéal líofachta bainte amach acu atá ar leibhéal a mbeifear ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois an pháiste agus aon riachtanais bhreise oideachais san áireamh, agus gur dhócha go rachadh líofacht an pháiste ar gcúl mura bhfaighidís áit sa scoil lán-Ghaeilge.**
4. Iarratasóirí eile.
5. Páistí ar cuireadh iarratas déanach isteach ar a son

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), tabharfar áit don dalta is sine eatarthu.

***Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblíne, páistí altramaigh nó uchtaithe.**

****Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.**



Sa chás go bhfuil beirt dhaltaí nó níos mó ar chomhchéim le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

Má tá beirt dhaltaí nó níos mó ceangailte faoi chritéar 1/2/3, socrófar tús áite de réir an chéad chritéar eile ar an liosta. Má tá critéar 4 i gceist, cuirfear san áireamh an t-am ar rugadh an leanbh atá ar fáil ar an deimhniú breithe.

6.1 Nóta: Sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/aici sa Ghaeilge mar atá i bPointe d. thuas, ní mór don tuismitheoir an fhianaise seo a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú d'ionadaithe an Bhoird Bhainistíochta. Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas, seachas fianaise a chuirtear ar fáil ag cruinniú sa scoil, a eagróidh an Bord Bainistíochta má iarrann tuismitheoir / caomhnóir cruinniú ag am an iarratais.

6.2 Mura nglactar leis an bhfianaise a chuirtear ar fáil mar chuid den Fhoirm Iarratais, cuirfear an páiste sa chatagóir atá oiriúnach dóibh dar le hionadaithe an Bhoird Bhainistíochta. Sa chás go ndiúltaítear áit do pháiste, ní mór iarraidh ar an mBord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh roimh aghomharc i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta faoi Alt 29.

6.3 Má ghlactar leis an bhfianaise, ach go mbeartaíonn an tuismitheoir an páiste a chur siar go dtí Liosta Iarrthóirí na bliana ina dhiaidh sin, ní bheidh gá fianaise a chur ar fáil arís don leibhéal líofachta sa Ghaeilge.

7. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil:

- (a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí;
- (b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
- (c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas;
 - (i) i ndáil le ligean isteach chuig rang speisialta a mhéad is gá chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil an chatagóir riachtanas speisialta oideachais lena mbaineann ag an dalta agus;
 - (ii) a ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht;
- (d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;
- (e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
- (f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin (seachas siblíní); (g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála.

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.



8. Cinntí ar Iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Scoil Oilibhéir bunaithe ar na nithe a leanas:

- (a) polasaí iontrála na scoile,
- (b) fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí),
- (c) an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil le agus i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil.

Ní úsáidfeadh critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

9 . Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas i ríomhphost/ scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfeadh na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéir roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach [alt 18](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir – treoir don tuismitheoir/ chaomhnóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Scoil Oilibhéir, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

- (a) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin,
- (b) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh nó ar féidir tairiscint a tharraingt siar dá mbarr

Ní féidir le Scoil Oilibhéir tairiscint iontrála a dhéanamh, nó is féidir tairiscint a tharraingt siar, sna cásanna a leanas:

- (a) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach;
- (b) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile;
- (c) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin, nó
- (d) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in [alt 10](#) thuas. ———



12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna) 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:

- (a) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,
- (b) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó
- (c) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile.

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:

- (a) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;
- (b) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;
- (c) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile;
- (d) sonraí pearsanta dalta(í) lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

13. Liosta Iarrthóirí i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Scoil Oilibhéir margheallarró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Scoil Oilibhéir san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

14. Iarratais Dhéanacha

Déanfaidh áit a thairiscint má tá áit ar fáil sa scoil.

Má tá ró-éileamh ar áiteanna sa scoil tar éis an príomhphróisis iontrála, líonfar aon áit scoile a thagann chun cinn ina dhiaidh sin ón liosta feithimh a cruthaítear as an bpróiseas sin.

Má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil déanfar liosta forlíontach feithimh a chruthú. Beidh an príomhliosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo. Nuair a thagann spás chun cinn sa scoil, déanfar na hiarratais ar an liosta forlíontach feithimh a mheas de réir na gcritéir roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo ar an lá a thagann an áit scoile sin chun cinn de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.



15. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le hionrollú na ndaltaí nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:

15.1 Clárúcháin sna Naíonáin Shinsearacha

Má bhíonn folúnta(i)s sna Naíonáin Shinsearacha agus níos mó iarratas ar áiteanna ná mar atá folúntas déanfar na háiteanna sin a dháileadh de réir na gcritéar do na Naíonáin Shóisearacha. Glacfar le hiarratais in ord ama, tabharfar tosaíocht don iarratas is tuisce.

15.2 Clárúchán i Ranganna seachas na Naíonáin Shóisearacha (agus Shinsearacha)

Glacfar le páistí i ranganna a hAon — Rang 6 má tá spás sa rang, agus má shíleann an Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ardhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. **Is faoin tuismitheoir/gcaomhnóir a bheidh sé fianaise chuige seo a chur os comhair an Bhoird Bhainistíochta.** Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deireanach sna cásanna seo.

15.3 Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas

Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile.

15.4 Má fhaightear iarratais d'áit i rith na bliana déileálfar leis ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta. Má tá folúntas/ folúntais i rang agus níos mó iarratas ná mar atá folúntais cuirfear in ord iad de réir na gcritéar céanna atá leagtha amach thuas do na Naíonáin Shóisearacha. Caithfear fianaise ar leibhéal sásúil líofachta Gaeilge a chur ar fáil sula dtairgfear áit. Muna nglacann an Bord Bainistíochta leis an bhfianaise, tairgfear an áit don chéad iarrthóir eile.

15.5 Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le hionrollú na ndaltaí nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin, tar éis thús na scoilbhliana ina lorgaítear an cead isteach:

Déanfaidh tuismitheoir an pháiste iarratas i scríbhinn chuig an bpríomhoide ag míniú go bhfuil áit dá bpáiste á lorg acu sa rang ábhartha. Má tá an rang sin lán, cuirfear i gcód an t-iarratas scríofa agus má thagann áit aníos sa rang sin, déanfar í a thairiscint ar an iarratasóir ba thúisce. Is gá iarratas nua a dhéanamh dogach scoilbhliain, ní níos luaithe ná an chéad lá scoile.

15.6 Nuair a dhéantar iarratas (ar áit i rang nach rang na Naíonán Sóisearach é) don scoilbhliain díreach i ndiaidh na scoilbhliana reatha, má tá spás sa rang áirithe sin, míneofar don tuismitheoir/chaomhnóir go dtabharfar an áit dóibh ar an gcoinníoll go mbeidh orthu tosú láithreach nó an áit a ghéilleadh má thagann iarratas isteach do dhuine atá sásta tosú roimh an gcéad scoilbhliain eile.

16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh bord Scoil Oilibhéir ná aon duine a ghníomhaíonn thar a ceann táillí ar íocaíocht nó ní lorgóidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de:

- (a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
- (b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe sin. Ní bheidh an dalta in ann an seomra a fhágáil tiosceaspa feitheoireachta. Tabharfar obair scoile de shaghas eile dóibh.

Ba cheart iarratas scríofa a dhéanamh le Príomhoide na scoile. Eagrófar cruinniú ansin le tuismitheoir(i) an dalta agus pléifear conas é seo a éascú.



18. An ceart chun athbheithnithe/achomhairc

Athbheithniú ar chinntí an Bhoird Bhainistíochta:

Féadfaidh tuismitheoir dalta iarraidh ar an mbord athbheithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbheithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbheithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an bord athbheithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbheithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbheithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Ceart achomhairc:

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir dalta achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.


Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbheithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach athbheithniú ar chinntí an bhord bainistíochta).

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbheithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach athbheithniú ar chinntí an bhord bainistíochta).




Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Síniú an Chathaoirligh: 

Ruairí Ó Dúlaing

Síniú an Phríomhoide: 

Antóin Ó Cléirigh



1. Introduction

This admission policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

The policy was approved by the school patron on 17/10/2022. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.

The relevant dates and timelines for Scoil Oilibhéir admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.

The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

The Irish language version of this policy will take precedence in the case of any perceived discrepancy.

2. Characteristic spirit and general objectives of the school

Scoil Oilibhéir is a mixed primary school with a Catholic ethos under the patronage of the Dublin Archdiocese. The definition of 'Catholic Ethos' in the context of a Catholic primary school is the upholding of the ethos and spirit of the Roman Catholic Church with the aim of fostering the following characteristics:

- A. The development of the whole child — intellectual, physical, cultural, moral and spiritual.
- B. A living relationship with God and others.
